2026/1519

14.10.2026

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2026/1519 ÓN gCOIMISIÚN

an 6 Iúil 2026

lena leasaítear na caighdeáin theicniúla rialála a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/392 ón gCoimisiún a mhéid a bhaineann leis an bhfaisnéis atá le soláthar ag Taisclann Lárnach Urrús dá húdarás inniúil le haghaidh an phróisis athbhreithnithe agus meastóireachta dá dtagraítear in Airteagal 22(1) de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 maidir le socraíocht urrús san Aontas Eorpach a fheabhsú agus maidir le taisclanna lárnacha urrús agus lena leasaítear Treoir 98/26/CE agus Treoir 2014/65/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 236/2012 ([1]), agus go háirithe Airteagal 22(10), an tríú fomhír, de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Leis na leasuithe a tugadh isteach i Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 le Rialachán (AE) 2023/2845 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]), ceanglaítear forálacha áirithe de Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/392 ([3]) ón gCoimisiún a leasú dá réir sin.

(2) I bhfianaise neartú ról na n-údarás ábhartha agus, i gcás inarb infheidhme, na n-údarás dá dtagraítear in Airteagal 67 de Threoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]) sa phróiseas athbhreithnithe agus meastóireachta dá ndéantar foráil le Rialachán (AE) Uimh. 909/2014, ba cheart do na húdaráis inniúla an fhaisnéis is gá chun a ról a chomhlíonadh a tharchur chuig na húdaráis sin, ar ról é a leathnaíodh thar fheidhmiú na gcóras socraíochta urrús arna n-oibriú ag an taisclann lárnach urrús (TLU) go dtí Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 agus ceanglais eile dhlí an Aontais a chomhlíonadh a mhéid a bhaineann le feidhmiú na gcóras socraíochta urrús. I bhfianaise na tréimhse athbhreithnithe níos faide 3 bliana a tugadh isteach le Rialachán (AE) 2023/2845, ba cheart a cheangal ar thaisclanna lárnacha urrús míreanna faisnéise nua áirithe a thuairisciú do na húdaráis inniúla. Is gá freisin na ceanglais tuairiscithe a leagtar síos in Airteagal 22(1), (7) agus (8) de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 a dhéanamh níos intuartha, chun an t-ualach riaracháin ar TLUnna agus ar údaráis inniúla araon a laghdú agus chun iarrataí *ad hoc* ar fhaisnéis a laghdú.

(3) Chun comhchuibhiú íosta a áirithiú, chun é a chur ar a gcumas d'údaráis inniúla faisnéis a fhaightear a chur i gcomparáid, agus chun cóineasú maoirseachta a chothú, ba cheart do TLUnna achoimre a sholáthar dá n-údarás inniúil ar na príomhathruithe atá déanta acu ar a socruithe, a straitéisí, a bpróisis agus a sásraí, i ndáil le Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 a chomhlíonadh, ó rinne a n-údarás inniúil an t-athbhreithniú is déanaí ar na socruithe, na straitéisí, na próisis agus na sásraí sin. Mar gheall ar an íosmhinicíocht nua níos faide don athbhreithniú agus don mheastóireacht a leagtar síos in Airteagal 22(1), an tríú fomhír, de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 agus na gnéithe nua arna gcur i dtábhacht leis an taithí mhaoirseachta a forbraíodh ó tugadh isteach an próiseas athbhreithnithe agus

([1]) IO L 257, 28.8.2014, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2014/909/oj.

([2]) Rialachán (AE) 2023/2845 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2023 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 a mhéid a bhaineann le haraíonacht socraíochta, soláthar trasteorann seirbhísí, comhar maoirseachta, soláthar seirbhísí coimhdeacha de chineál baincéireachta agus ceanglais maidir le taisclanna lárnacha urrús tríú tír agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 236/2012 (IO L, 2023/2845, 27.12.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/2845/oj).

([3]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/392 ón gCoimisiún an 11 Samhain 2016 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála i ndáil le húdarú, ceanglais mhaoirseachta agus oibríochtúla le haghaidh taisclanna lárnacha urrús (IO L 65, 10.3.2017, lch. 48. ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2017/392/oj).

([4]) Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le margaí in ionstraimí airgeadais agus lena leasaítear Treoracha 2002/92/CE agus 2011/61/AE (IO L 173, 12.6.2014, lch. 349, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2014/65/oj).

meastóireachta á gcur san áireamh, ba cheart faisnéis níos mionsonraithe a chumhdach sa tuarascáil sin maidir leis na hathruithe a tharla le linn na tréimhse athbhreithnithe ábhartha ar phríomhghnéithe struchtúir agus feidhmithe an TLU ó thaobh maoirseachta de. Ba cheart a áireamh ar na príomhghnéithe sin struchtúr grúpa an TLU, a bhainistíocht agus a scairshealbhóirí, a ghníomhaíochtaí nó a sheirbhísí, agus foirceannadh seirbhísí agus nasc. Ba cheart roinnt míreanna faisnéise maidir leis na hathruithe ar chreat bainistithe riosca an TLU, ó thaobh rioscaí dlíthiúla, rioscaí ginearálta gnó agus rioscaí oibriúcháin de, a áireamh sa tacar faisnéise tréimhsiúla atá le soláthar do na húdaráis inniúla chun athbhreithniú agus meastóireacht a dhéanamh.

(4) Ó tharla gur féidir le TLUnna a gcuid seirbhísí a sholáthar trasteorann, i mBallstáit eile agus i dtríú tíortha, ba cheart gníomhaíochtaí trasteorann den sórt sin a chumhdach leis an athbhreithniú ar na socruithe, na straitéisí, na próisis agus na sásraí arna gcur chur feidhme ag TLU i ndáil le Rialachán (EU) Uimh. 909/2014 a chomhlíonadh, agus leis an meastóireacht ar na rioscaí a bhfuil an TLU, nó a bhféadfadh an TLU, a bheith neamhchosanta orthu nó a chruthaítear leis i dtaca le feidhmiú rianúil na margaí urrús nó cobhsaíocht na margaí airgeadais. Dá bhrí sin, ba cheart do TLUnna sonraí staidrimh a sholáthar dá n-údaráis inniúla maidir lena ngníomhaíochtaí trasteorann, lena n-áirítear dlínsí a rannpháirtithe nó a n-eisitheoirí agus dlí rialaithe na n-urrús a soláthraíonn siad croísheirbhísí ina leith. Cuirfidh an fhaisnéis sin ar chumas na n-údarás tuiscint chríochnúil a fháil ar na rioscaí oibríochtúla, dlíthiúla agus leachtachta a bhaineann le seirbhísí a sholáthar trasteorann ag TLUnna.

(5) Chun a áirithiú go mbeidh na húdaráis inniúla in ann faireachán a dhéanamh féachaint an ndéanann TLUnna a neamhchosaint ar riosca dlíthiúil a shainaithint, a rátáil agus a bhainistiú i gceart, ba cheart do TLUnna a n-údaráis inniúla a chur ar an eolas faoi aon athruithe ar a gcreat bainistíochta dlíthiúla le linn na tréimhse athbhreithnithe.

(6) Chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh TLUnna na coinníollacha maidir le húdarú i gcónaí, ba cheart dlúthfhaireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn a dhéanfaidh siad maidir le haghaidh a thabhairt ar aon torthaí agus moltaí ó na húdaráis inniúla atá fós gan réiteach. Ba cheart do TLUnna a n-údaráis inniúla a chur ar an eolas faoi bhearta a rinneadh chun aghaidh a thabhairt ar na torthaí agus na moltaí sin atá fós gan réiteach, mar chuid den phróiseas athbhreithnithe agus meastóireachta dá dtagraítear in Airteagal 22(1) de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014. Go háirithe, TLUnna a bhfuil rátáil riosca faighte acu ó thríú páirtí i gcomhréir le hAirteagal 32 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/392, ba cheart dóibh aon athrú ar rátáil riosca an TLU a tharla le linn na tréimhse athbhreithnithe a thuairisciú go tréimhsiúil.

(7) Cé go leanann TLUnna de bheith faoi dhliteanas maidir le haon saincheist a thagann chun cinn i ndáil le gníomhaíochtaí nó seirbhísí seachfhoinsithe, d'fhéadfadh tionchar díreach a bheith ag gníomhaíochtaí nó ag seirbhísí den sórt sin ar chórais socraíochta urrús a bhainistiú. Chun a áirithiú go ndéanfar foráil leordhóthanach sna conarthaí eisfhoinsithe maidir le maoirseacht agus rialú cuí ar na feidhmeanna seachfhoinsithe ag TLUnna, ba cheart do TLUnna a n-údaráis inniúla a chur ar an eolas go tréimhsiúil faoi athruithe móra ar na conarthaí sin le linn na tréimhse athbhreithnithe.

(8) Baineann rioscaí creidmheasa agus leachtachta le glansocraíocht iarchurtha. Dá bhrí sin, ba cheart do TLUnna a n-údaráis inniúla a chur ar an eolas go tréimhsiúil faoin gcaoi a ndéantar na rioscaí creidmheasa agus leachtachta sin a bhainistiú.

(9) Faoi Airteagal 70(7) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/392, ceanglaítear ar TLUnna athbhreithniú tréimhsiúil a dhéanamh ar a gcuspóirí oibríochtúla chun forbairtí nua teicneolaíochta agus gnó a chur san áireamh. Dá bhrí sin, chun a chur ar chumas na n-údarás inniúil an t-athbhreithniú agus an mheastóireacht dá dtagraítear in Airteagal 22(1) de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 a dhéanamh i gceart, ba cheart do TLUnna a n-údaráis inniúla a chur ar an eolas freisin faoi thoradh an athbhreithnithe sin agus go háirithe faoi na próisis agus na gníomhaíochtaí a chuireann le soláthar na seirbhísí a sholáthraíonn TLUnna agus faoi na córais TF a thacaíonn leo.

(10) Tá riosca oibriúcháin ar cheann de na príomhrioscaí a mbíonn aghaidh le tabhairt ag TLUnna orthu ar bhonn leanúnach. Dá bhrí sin, ba cheart do TLUnna a n-údaráis inniúla a chur ar an eolas faoi na rioscaí oibriúcháin a raibh aghaidh le tabhairt orthu le linn na tréimhse athbhreithnithe agus faoi na nósanna imeachta a lean siad chun na rioscaí sin a mhaolú. Ar an gcúis chéanna, ba cheart do TLUnna a n-údaráis inniúla a chur ar an eolas go tréimhsiúil faoi thoradh a dtástálacha agus a n-athbhreithnithe ar a socruithe oibríochtúla, ar a mbeartais agus ar a nósanna imeachta le húsáideoirí.

(11) De bhun Airteagail 6 agus 7 de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014, ceanglaítear ar TLUnna luathshocraíocht a chur chun cinn ar an dáta socraíochta atá beartaithe, faireachán a dhéanamh ar theipeanna socraíochta idirbheart, agus nósanna imeachta a bhunú chun socraíocht idirbheart nach bhfuil socraithe ar an dáta socraíochta atá beartaithe a éascú, trí bhíthin pionóis airgid, tuairisciú ar theipeanna socraíochta agus, ar deireadh, ceannach isteach sainordaitheach. Dá bhrí sin, agus chun é a chur ar a gcumas d'údaráis inniúla faireachán a dhéanamh ar aon athrú a chuireann TLUnna chun feidhme sa réimse sin le linn na tréimhse athbhreithnithe don athbhreithniú agus don mheastóireacht dá dtagraítear in Airteagal 22(1) de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014, ba cheart do TLUnna faisnéis thréimhsiúil a sholáthar maidir le forbairtí a tharla i ndáil leis na bearta a chuir siad i bhfeidhm chun teipeanna socraíochta a chosc agus chun aghaidh a thabhairt orthu.

(12) Chun a áirithiú go mbeidh sé d'acmhainn ag TLUnna gníomhaíocht thráthúil a dhéanamh nuair a mhainníonn ceann amháin nó níos mó dá rannpháirtithe, ba cheart na rialacha agus na nósanna imeachta chun a áirithiú go ndéantar gníomhaíocht den sórt sin a thástáil agus a athbhreithniú go tréimhsiúil. Chun é a chur ar a gcumas d'údaráis inniúla na rioscaí a bhféadfadh TLUnna a bheith neamhchosanta orthu a shainaithint, ba cheart do TLUnna a n-údaráis inniúla a chur ar an eolas faoi thoradh na tástála agus an athbhreithnithe sin.

(13) Faoi Airteagal 70(80) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/392, ceanglaítear ar TLUnna athbhreithniú agus nuashonrú tréimhsiúil a dhéanamh ar a mbeartas leanúnachais gnó agus ar a bplean athshlánaithe ó thubaiste. Chun é a chur ar a gcumas d'údaráis inniúla an t-athbhreithniú agus an mheastóireacht dá dtagraítear in Airteagal 22(1) de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 a dhéanamh i gceart, ba cheart do TLUnna toradh na n-athbhreithnithe agus na nuashonruithe tréimhsiúla sin a sholáthar dá n-údaráis inniúla.

(14) Féadfaidh TLUnna bearta nó uirlisí a úsáid chun coinníoll a leagan síos go mbeidh seachadadh urrús faoi réir íocaíocht an ghné airgid a oibrítear lasmuigh dá chóras le haghaidh treoracha socraíochta saor ó íocaíocht. I bhfianaise ábharthacht na mbeart nó na n-uirlisí sin maidir leis an gcóras socraíochta urrús, ba cheart do TLUnna a n-údaráis inniúla a chur ar an eolas faoina gcur chun feidhme le linn na tréimhse athbhreithnithe.

(15) D'fhéadfadh athruithe ar struchtúr tuairiscithe TLUnna a bheith mar thoradh ar cheanglais nua faisnéise a thabhairt isteach. Chun a ndóthain ama a thabhairt do TLUnna na hathruithe sin a dhéanamh, ba cheart dáta cur i bhfeidhm forálacha áirithe a chur siar 1 bhliain amháin.

(16) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/392 a leasú dá réir sin.

(17) Tá an Rialachán seo bunaithe ar na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála a chuir an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (ESMA) faoi bhráid an Choimisiúin.

(18) Reáchtáil ESMA comhairliúcháin phoiblí oscailte maidir leis na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála ar a bhfuil an Rialachán seo bunaithe, rinne sé anailís ar na costais ghaolmhara agus na tairbhí gaolmhara a d'fhéadfadh a bheith ann agus d'iarr sé comhairle ar an nGrúpa Geallsealbhóirí um Urrúis agus Margaí arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 37 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5]),

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/392

Leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/392 mar a leanas:

(1) In Airteagal 40, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

'2. Chun críocha an athbhreithnithe agus na meastóireachta dá dtagraítear in Airteagal 22(1) de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014, cuirfidh TLU gach ceann díobh seo a leanas ar fáil dá údarás inniúil:

(a) an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 41 agus 42 den Rialachán seo;

([5]) Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/77/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 84, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2010/1095/oj).

(b) tuarascáil ar ghníomhaíochtaí an TLU le haghaidh na tréimhse athbhreithnithe lena mbaineann agus na hathruithe substainteacha dá dtagraítear in Airteagal 16(4) de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 ar tugadh fógra ina leith le linn na tréimhse athbhreithnithe, mar aon leis na doiciméid ghaolmhara uile, in éineacht leis an tuarascáil ina bhfuil faisnéis maidir leis na gnéithe seo a leanas, atá ábhartha don tréimhse athbhreithnithe:

(i) athruithe ar sholáthar sheirbhísí lárnacha agus coimhdeacha an TLU, dá dtagraítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 909/2014, ina Bhallstát baile, agus, i gcás inarb infheidhme, i mBallstáit eile agus i dtríú tíortha;

(ii) athruithe ar rialachas corparáideach agus ar struchtúr eagraíochtúil an TLU, lena n-áirítear líon na bhfostaithe;

(iii) athruithe ar chreat bainistithe riosca an TLU i ndáil le rioscaí dlíthiúla, gnó, oibríochtúla agus rioscaí díreacha nó indíreacha eile dá dtagraítear in Airteagal 42 de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014, lena léirítear an nasc idir na hathruithe a tugadh isteach agus meastóireacht an TLU ar thimpeallacht athraitheach na rioscaí a bhfuil aghaidh le tabhairt orthu trí na príomhrioscaí a aicmiú;

(iv) achoimre ar ghníomhaíochtaí an choiste úsáideoirí dá dtagraítear in Airteagal 28 de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014, lena n-áirítear an líon cruinnithe, comhairle agus tuairimí a tugadh, lena léirítear a dtopaicí agus lena sainaithnítear na cinn nár lean comhlacht bainistíochta an TLU, más ann dóibh;

(v) na príomhathruithe ar sheachfhoinsiú seirbhísí agus gníomhaíochtaí ag TLU dá dtagraítear in Airteagal 30 de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014;

(vi) mionsonraí faoi na hathruithe substainteacha dá dtagraítear in Airteagal 16(4) de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 lena n-áirítear aon cheann de na teagmhais seo a leanas má thugtar fógra ina leith le linn na tréimhse athbhreithnithe:

(1) athruithe ar struchtúr grúpa, ar bhainistíocht shinsearach, ar chomhlacht bainistíochta agus ar scairshealbhóirí an TLU de bhun Airteagal 27a de Rialachán (AE) 909/2014;

(2) athruithe ar ghníomhaíocht nó ar sheirbhís atá ann cheana seachas i gcomhthéacs Airteagal 19(1) de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014, i gcás inar ghá an tuairisc ar na seirbhísí dá dtagraítear in Airteagal 4(2), pointí (l) go (p), den Rialachán seo a leasú;

(3) seirbhís TLU a fhoirceannadh;

(4) nasc TLU a fhoirceannadh;

(5) athruithe ar chreat bainistithe riosca TLU a mbíonn tionchar acu ar ríomh na gceanglas caipitil a leagtar síos in Airteagal 47 de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014;

(c) aon fhaisnéis bhreise a iarrann an t-údarás inniúil agus a bhfuil gá léi:

(i) chun measúnú a dhéanamh i dtaobh ar chomhlíon TLU a oibleagáidí a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 le linn na tréimhse athbhreithnithe;

(ii) chun meastóireacht a dhéanamh ar na rioscaí a bhfuil TLU neamhchosanta orthu nó a bhféadfadh TLU a bheith neamhchosanta orthu nó ar na rioscaí a chruthaíonn TLU d'fheidhmiú rianúil na margaí urrús nó do chobhsaíocht na margaí airgeadais.';

(2) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 41:

'*Airteagal 41*

Faisnéis thréimhsiúil atá ábhartha maidir le gach athbhreithniú agus meastóireacht

I gcás gach tréimhse athbhreithnithe, soláthróidh TLU gach ceann díobh seo a leanas don údarás inniúil:

(a) sraith iomlán de na ráitis airgeadais iniúchta is déanaí de chuid an TLU, lena n-áirítear iad sin a chomhdhlúthaítear ar leibhéal grúpa;

(b) leagan achoimrithe de na ráitis airgeadais eatramhacha is déanaí ón TLU;

(c) aon chinneadh ón gcomhlacht bainistíochta tar éis comhairle a fháil ón gcoiste úsáideoirí, agus aon chinneadh inar chinn an comhlacht bainistíochta gan comhairle an choiste úsáideoirí a leanúint;

(d) faisnéis maidir le haon imeacht sibhialta, aon chaingean riaracháin nó aon imeacht breithiúnach nó seachbhreithiúnach eile atá ar feitheamh lena mbaineann an TLU, go háirithe i ndáil le hábhair a bhaineann le cáin agus dócmhainneacht, nó ábhair a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le costais airgeadais nó clú don TLU;

(e) faisnéis maidir le haon imeacht sibhialta, aon chaingean riaracháin nó aon imeacht breithiúnach nó seachbhreithiúnach eile atá ar feitheamh lena mbaineann comhalta den chomhlacht bainistíochta nó comhalta den bhainistíocht shinsearach a bhféadfadh tionchar diúltach a bheith aige ar an TLU;

(f) aon chinneadh críochnaitheach a eascraíonn ó na himeachtaí dá dtagraítear i bpointí (d) agus (e);

(g) cóip de thorthaí na dtástálacha leanúnachais gnó agus athshlánaithe ó thubaiste nó cleachtaí comhchosúla a rinneadh le linn na tréimhse athbhreithnithe dá dtagraítear in Airteagal 79 den Rialachán seo, agus de thorthaí na n-athbhreithnithe iniúchóireachta dá dtagraítear in Airteagal 76(1), pointe (b) den Rialachán seo;

(h) tuarascáil ar na teagmhais oibríochtúla a tharla le linn na tréimhse athbhreithnithe agus a rinne difear do sholáthar rianúil aon chroísheirbhís, faisnéis maidir le haicmiú na dteagmhas sin, na bearta a rinneadh chun aghaidh a thabhairt orthu, agus torthaí na mbeart sin;

(i) tuarascáil i dtaobh an gcomhlíontar cuspóirí iontaofachta oibríochtúla bunaithe an TLU, dá dtagraítear in Airteagal 70(3) den Rialachán seo, lena n-áirítear cuspóirí feidhmíochta oibríochtúla agus spriocanna tiomanta ar leibhéal seirbhíse dá sheirbhísí agus dá chórais socraíochta urrús, lena n-áirítear:

(i) faisnéis faoi ghníomhaíochtaí an TLU chun faireachán, measúnú agus tuairisciú tráthrialta a dhéanamh ar na cuspóirí iontaofachta oibríochtúla sin, dá dtagraítear in Airteagal 70(5) agus (6) den Rialachán seo;

(ii) measúnú ar infhaighteacht na gcóras sin le linn na tréimhse athbhreithnithe, arna tomhas ar bhonn laethúil mar an céatadán ama a bhfuil na córais sin ag feidhmiú agus ag feidhmiú i gcomhréir leis na paraiméadair chomhaontaithe;

(j) achoimre ar na cineálacha idirghabhála de láimh a dhéanann an TLU sa phróiseas socraíochta uathoibrithe, dá dtagraítear in Airteagal 4(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/1229 ón gCoimisiún (*);

(k) na pleananna um athshlánú agus um fhoirceannadh ordúil, dá dtagraítear in Airteagal 22a de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014, agus go háirithe faisnéis faoi aon athrú mór ar na pleananna sin agus faisnéis faoi aon athrú mór ar phlean réitigh an TLU a tharla le linn na tréimhse athbhreithnithe, i gcás ina mbunófar nó ina gcoinneofar plean réitigh den sórt sin le haghaidh an TLU;

(l) faisnéis faoi aon ghearán foirmiúil a fuair an TLU le linn na tréimhse athbhreithnithe, lena n-áirítear faisnéis faoi gach ceann díobh seo a leanas:

(i) an cineál gearáin;

(ii) an chaoi ar láimhseáladh an gearán, lena n-áirítear an toradh a bhí ar an ngearán;

(iii) an dáta ar tháinig deireadh le láimhseáil an ghearáin;

(m) faisnéis faoi chásanna, más ann dóibh, inar dhiúltaigh an TLU rochtain ar a sheirbhísí d'aon rannpháirtí atá ann cheana nó a d'fhéadfadh a bheith ann, d'aon eisitheoir, do TLU eile nó do bhonneagar margaidh eile i gcomhréir le hAirteagal 33(3), le hAirteagal 49(3), le hAirteagal 52(2) agus le hAirteagal 53(3) de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014;

(n) tuarascáil maidir le hathruithe móra a dhéanann difear d'aon nasc idir TLUnna arna mbunú ag an TLU agus a bhfuil tionchar acu ar na ceanglais dá dtagraítear i gCaibidil XII den Rialachán seo, lena n-áirítear athruithe:

(i) ar an gcineál naisc TLU;

(ii) ar na sásraí agus na nósanna imeachta a úsáidtear chun na naisc TLU sin a shocrú;

(o) faisnéis faoi na cásanna uile de choinbhleachtaí leasa sainaitheanta a tháinig chun cinn le linn na tréimhse athbhreithnithe, lena n-áirítear faisnéis faoin gcaoi a ndearnadh na coinbhleachtaí sin a bhainistiú;

(p) faisnéis faoi iniúchtaí agus rialuithe inmheánacha arna ndéanamh ag an TLU le linn na tréimhse athbhreithnithe, lena n-áirítear faisnéis faoin méid seo a leanas:

(i) iniúchadh ar chreat agus ar chórais bainistithe riosca oibriúcháin TLU dá dtagraítear in Airteagal 45 de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 agus in Airteagal 73(1) agus (2) den Rialachán seo;

(ii) iniúchtaí rialta agus neamhspleácha ar an TLU dá dtagraítear in Airteagal 26(6) de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 agus in Airteagal 51 agus Airteagal 52(1) den Rialachán seo;

(q) faisnéis faoi aon sárú sainaitheanta ar Rialachán (AE) Uimh. 909/2014, lena n-áirítear sáruithe a shainaithnítear tríd an mbealach tuairiscithe dá dtagraítear in Airteagal 26(5) den Rialachán sin;

(r) faisnéis mhionsonraithe maidir le haon bheart araíonachta a rinne an TLU le linn na tréimhse athbhreithnithe, lena n-áirítear aon chás inar cuireadh rannpháirtithe ar fionraí i gcomhréir le hAirteagal 7(7) de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014, ina sonraítear tréimhse na fionraí agus an chúis a bhí leis an bhfionraí;

(s) straitéis ghnó ghinearálta an TLU agus plean gnó mionsonraithe le haghaidh na seirbhísí a sholáthraíonn an TLU lena gcumhdófar an chéad tréimhse athbhreithnithe eile ar a laghad;

(t) faisnéis faoi athruithe le linn na tréimhse athbhreithnithe ar an mbainistiú a dhéanann an TLU ar riosca dlíthiúil, dá dtagraítear in Airteagal 43 de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 agus in Airteagal 31 den Rialachán seo;

(u) faisnéis faoi athruithe le linn na tréimhse athbhreithnithe ar chórais bainistithe riosca agus rialaithe an TLU, agus ar na huirlisí TF, dá dtagraítear in Airteagal 32(1) den Rialachán seo, a chuir an TLU i bhfeidhm chun riosca gnó a bhainistiú;

(v) i gcás ina bhfuair an TLU rátáil riosca ó thríú páirtí, dá dtagraítear in Airteagal 32(2) den Rialachán seo, faisnéis faoi aon athrú ar an rátáil riosca a fuair an TLU ó thríú páirtí le linn na tréimhse athbhreithnithe, lena n-áirítear aon fhaisnéis ábhartha a thacaíonn leis an rátáil riosca sin;

(w) faisnéis faoi athruithe a tharla le linn na tréimhse athbhreithnithe ar an mbainistiú a dhéanann an TLU ar sheirbhísí nó ar ghníomhaíochtaí a sheachfhoinsítear chuig tríú páirtí, dá dtagraítear in Airteagal 30 de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014, lena n-áirítear faisnéis faoi athruithe ar an méid seo a leanas:

(i) comhroinnt foirne dá dtagraítear in Airteagal 49 den Rialachán seo;

(ii) na modhanna a úsáidtear chun faireachán a dhéanamh ar leibhéal seirbhíse na seirbhísí agus na ngníomhaíochtaí seachfhoinsithe, dá dtagraítear in Airteagal 33(2), pointe (b), den Rialachán seo;

(x) tuarascáil faoi athruithe a tharla le linn na tréimhse athbhreithnithe ar thomhas, faireachán agus bainistiú na rioscaí creidmheasa agus leachtachta a eascraíonn as glansocraíocht iarchurtha a úsáid dá dtagraítear in Airteagal 47a(2) de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014;

(y) faisnéis faoi na gníomhaíochtaí a rinne an TLU le linn na tréimhse athbhreithnithe chun athbhreithniú a dhéanamh ar a chuspóirí oibríochtúla chun forbairtí nua teicneolaíochta agus gnó a ionchorprú, dá dtagraítear in Airteagal 70(7) den Rialachán seo;

(z) faisnéis faoin méid seo a leanas:

(i) measúnú TLU ar na rioscaí oibriúcháin ar thug TLU aghaidh orthu le linn na tréimhse athbhreithnithe, lena n-áirítear na rioscaí oibriúcháin ó phríomh-rannpháirtithe ar tugadh aghaidh orthu, trí thuairisciú rialta a chur ar fáil don bhainistíocht shinsearach ar neamhchosaintí ar riosca oibriúcháin agus ar chaillteanais a tharla mar gheall ar rioscaí oibriúcháin;

(ii) na nósanna imeachta a leanadh chun na neamhchosaintí agus na caillteanais sin a mhaolú, dá dtagraítear in Airteagal 45 de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 agus in Airteagal 66(2), Airteagal 67(4) agus Airteagal 71(2) den Rialachán seo;

(aa) faisnéis faoi thoradh thástálacha agus athbhreithnithe an TLU ar a shocruithe, a bheartais agus a nósanna imeachta oibríochta le húsáideoirí, dá dtagraítear in Airteagal 73(4) den Rialachán seo, a rinneadh le linn na tréimhse athbhreithnithe;

(ab) faisnéis faoi aon nuashonrú ar anailís tionchair gnó agus anailís riosca an TLU le linn na tréimhse athbhreithnithe a eascraíonn as a athbhreithniú bliantúil nó as aon athbhreithniú *ad hoc* i ndiaidh teagmhas ábhartha nó i ndiaidh athruithe móra oibríochtúla agus na forbairtí ábhartha uile á gcur san áireamh, lena n-áirítear forbairtí margaidh agus TF dá dtagraítear in Airteagal 45 de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 agus in Airteagal 77(3) den Rialachán seo;

(ac) faisnéis faoi fhorbairtí a tharla i ndáil le bearta an TLU chun teipeanna socraíochta a chosc agus chun aghaidh a thabhairt orthu dá dtagraítear in Airteagal 6(3) agus (4) agus in Airteagal 7(1) agus (2) de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 agus in Airteagail 4 go 15 de Rialachán (AE) 2018/1229;

(ad) faisnéis faoi thoradh na tástála a rinne an TLU ar a rialacha agus a nósanna imeachta maidir le mainneachtain rannpháirtí dá dtagraítear in Airteagal 41(3) de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 a tharla le linn na tréimhse athbhreithnithe;

(ae) faisnéis faoin athbhreithniú nó faoin nuashonrú ar bheartas leanúnachais gnó agus ar phlean athshlánaithe ó thubaiste an TLU dá dtagraítear in Airteagal 80 den Rialachán seo a rinneadh le linn na tréimhse athbhreithnithe;

(af) faisnéis faoi na bearta nó na huirlisí a d'úsáid an TLU le linn na tréimhse athbhreithnithe chun coinníoll a leagan síos go mbeidh seachadadh urrús faoi réir íocaíocht an ghné airgid a oibrítear lasmuigh dá chóras le haghaidh treoracha socraíochta saor ó íocaíocht, más ann dóibh;

(ag) faisnéis faoin dul chun cinn atá déanta ag an TLU, más ann dó, maidir le haghaidh a thabhairt ar na torthaí atá fós gan réiteach agus ar na moltaí a ceapadh ina údarú nó in athbhreithnithe agus meastóireachtaí a rinneadh roimhe sin ar an TLU i gcomhréir le hAirteagal 22(9) de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014;

Chun críoch phointe (i), féadfaidh TLUnna a úsáideann bonneagar socraíochta coiteann sleachta as na tuarascálacha a chuirtear ar fáil faoin gcreat dlíthiúil, rialála agus oibríochtúil dá dtagraítear in Airteagal 30(5) de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 a sholáthar chun teacht in ionad codanna ábhartha den tuarascáil dá dtagraítear sa phointe sin.'

_____

(*) Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/1229 ón gCoimisiún an 25 Bealtaine 2018 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla ar araonaíocht socraíochta (IO L 230, 13.9.2018, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2018/1229/oj).'

(3) Leasaítear Airteagal 42 mar a leanas:

(a) i mír 1, leasaítear an chéad fhomhír mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na habairte tosaigh:

'I gcás gach tréimhse athbhreithnithe, soláthróidh an TLU na sonraí staidrimh seo a leanas don údarás inniúil in aghaidh gach bliana féilire, nó in aghaidh gach tréimhse eile de réir mar a chinnfidh an t-údarás inniúil:';

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (a) agus (b):

'(a) liosta de na rannpháirtithe i ngach córas socraíochta urrús arna oibriú ag an TLU, ina sonrófar gach ceann díobh seo a leanas:

(i) tír a gcorpraithe;

(ii) a gcód LEI;

(iii) a n-ainm cuideachta;

(b) liosta eisitheoirí dá soláthraíonn an TLU an tseirbhís dá dtagraítear i Roinn A, pointe (1), den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 909/2014, lena sonraítear gach ceann díobh seo a leanas:

(i) tír a gcorpraithe;

(ii) a gcód LEI;

(iii) a n-ainm cuideachta;';

(iii) cuirtear isteach na pointí (ba) agus (bb) seo a leanas:

'(ba) liosta d'eisiúintí urrús arna dtaifeadadh i gcuntais urrús a choinnítear ar bun go lárnach i ngach córas socraíochta urrús arna oibriú ag TLU, ina sonrófar gach ceann díobh seo a leanas:

(i) cód ISIN na n-urrús;

(ii) tír chorpraithe an eisitheora;

(iii) an tír ina bhfuil an dlí corparáideach rialaitheach nó dlí comhchosúil faoina n-eisítear na hurrúis;

(iv) cód LEI an eisitheora;

(v) ainm cuideachta an eisitheora;

(bb) liosta d'eisiúintí urrús arna dtaifeadadh i gcuntais urrús nach gcoinnítear ar bun go lárnach i ngach córas socraíochta urrús arna oibriú ag TLU, ina sonrófar gach ceann díobh seo a leanas:

(i) cód ISIN na n-urrús;

(ii) tír chorpraithe an eisitheora;

(iii) cód LEI an eisitheora;

(iv) ainm cuideachta an eisitheora;';

(iv) leasaítear pointe (d) mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (ii) agus (iii):

'(ii) de réir na tíre ar ionchorpraíodh an rannpháirtí dá soláthraítear na seirbhísí;

(iii) de réir na tíre ar ionchorpraíodh a n-eisitheoir;';

(2) cuirtear an pointe (iv) a leanas leis:

'(iv) de réir na tíre ina bhfuil an dlí corparáideach rialaitheach nó dlí comhionann faoina n-eisítear iad i bhfeidhm;';

(v) i bpointe (f), cuirtear an pointe (iv) seo a leanas leis:

'(iv) de réir na tíre ina bhfuil an dlí corparáideach rialaitheach nó dlí comhionann faoina n-eisítear iad i bhfeidhm;';

(vi) i bpointe (h), cuirtear an pointe (iiia) seo a leanas isteach:

'(iiia) de réir na tíre ina bhfuil an dlí corparáideach rialaitheach nó dlí comhionann faoina n-eisítear na hionstraimí airgeadais i bhfeidhm;';

(vii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (i):

'(i) líon agus luach na n-idirbheart ceannach isteach dá dtagraítear in Airteagal 7a de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014;";

(viii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (l):

'(l) líon agus luach iomlán na dtreoracha socraíochta a shocraítear trí gach nasc TLU, ina sonraítear an méid seo a leanas:

(i) an TLU a bheidh nasctha (a thír chorpraithe, a LEI agus a hainm cuideachta) agus, i gcás ina n-oibríonn an TLU roinnt díobh, an córas nasctha socraíochta urrús;

(ii) an cineál naisc, mar a leanas:

(1) nasc caighdeánach, dá dtagraítear in Airteagal 2(1), pointe (30), de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014;

(2) nasc saincheaptha, dá dtagraítear in Airteagal 2(1), pointe (31), de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014, in aghaidh an rannpháirtí;

(3) nasc indíreach, de réir Airteagal 2(1), pointe (32), de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014

(4) nasc idir-inoibritheach, de réir Airteagal 2(1), pointe (33), de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014;

(iii) cibé acu an TLU is iarrthóir nó TLU is faighteoir é an TLU, agus chun na críche sin measfar an TLU is faighteoir a bheith ina TLU a sholáthraíonn an tseirbhís dá dtagraítear i Roinn A, pointe (1), den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 909/2014;';

(b) cuirtear na míreanna 2a agus 2b seo a leanas isteach:

'2a. Socrófar an luach ainmniúil dá dtagraítear i mír 1 ag nialas le haghaidh urrúis a ainmnítear in aonaid agus a thaifeadtar amhlaidh sna córais socraíochta urrús, i gcás nach bhfuil an luach ainmniúil ar fáil.

2b. Leis an bhfaisnéis arna soláthar ag an TLU faoi mhír 1, pointí (a) go (f), léireofar an staid ag deireadh na bliana féilire nó ag deireadh na tréimhse dá dtagraítear sa mhír sin, de réir mar is infheidhme.';

(4) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 44:

'*Airteagal 44*

Faisnéis atá le soláthar do na húdaráis dá dtagraítear in Airteagal 22(7) de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014

I gcás gach tréimhse athbhreithnithe, soláthróidh an t-údarás inniúil na nithe uile seo a leanas do na húdaráis ábhartha, do ESMA agus, i gcás inarb infheidhme, don choláiste dá dtagraítear in Airteagal 24a de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 agus don údarás dá dtagraítear in Airteagal 67 de Threoir 2014/65/AE:

(a) tuarascáil ar an meastóireacht arna dhéanamh ag údarás inniúil ar an gcomhlíonann na socruithe, na straitéisí, na próisis agus na sásraí arna gcur chun feidhme ag an TLU Rialachán (AE) Uimh. 909/2014, lena n-áirítear:

(i) na pleananna dá dtagraítear in Airteagal 22a den Rialachán sin;

(ii) meastóireacht ar na rioscaí a bhfuil an TLU neamhchosanta orthu nó a bhféadfadh an TLU a bheith neamhchosanta orthu nó a chruthaíonn sé d'fheidhmiú rianúil na margaí urrús nó do chobhsaíocht na margaí airgeadais;

(b) aon ghníomh ceartaitheach nó pionóis a bheartófar nó a chuirfear i gcrích in aghaidh an TLU mar thoradh ar an athbhreithniú agus ar an meastóireacht.

Beidh faisnéis faoin méid seo a leanas sa tuarascáil dá dtagraítear i bpointe (a) den chéad fhomhír:

(a) toradh na meastóireachta is déanaí ar ar chomhlíon an TLU Rialachán (AE) 2022/2554, lena n-áirítear aon bhearna chomhlíontachta a sainaithníodh agus moltaí nó bearta leasúcháin gaolmhara;

(b) i gcás inarb infheidhme, maidir le toradh na meastóireachta ar shaincheisteanna a bhaineann le haon seachfhoinsiú nó leathnú gníomhaíochtaí agus seirbhísí faoi Airteagal 19 de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014;

(c) soláthar seirbhísí trasteorann ag an TLU;

(d) saincheisteanna a bhaineann le haon sárú a d'fhéadfadh a bheith ar Rialachán (AE) Uimh 909/2014 a eascraíonn ó sheirbhísí a sholáthar i mBallstát óstach dá dtagraítear in Airteagal 24(5).';

(5) in Airteagal 45(2), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

'(a) tuarascáil maidir leis an meastóireacht a dhéanfaidh an t-údarás inniúil ar na rioscaí a bhfuil an TLU neamhchosanta orthu nó a bhféadfadh an TLU a bheith neamhchosanta orthu nó a chruthaíonn sé i gcomhair fheidhmiú rianúil na margaí urrús nó chobhsaíocht na margaí airgeadais;'.

Airteagal 2

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Mar sin féin, beidh feidhm ag Airteagal 1, pointí (3)(a)(ii) go (3)(a)(vi) agus (3)(a)(viii) ón 3 Samhain 2027.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 6 Iúil 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN